**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009

## STAIR – ARDLEIBHÉAL
**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.30**

**STAMPA AN IONAID**

**SCRÚDUIMHIR AN IARRTHÓRA**

**FREAGAIR GACH CEIST: 1, 2, 3, 4, 5 AGUS 6.**
**FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR**
**FREAGAIR 4, 5 AGUS 6 I DO FHREAGARLEABHAR**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR, LE DO THOIL**



[Thall

## 1. PICTIÚIR
(15 mharc)

Déan staidéar ar na pictiúir - **A, B agus C** – a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**

*Taispeántar manach sa Mheánaois ag obair mar scríobhaí.*

(i) As pictiúr **A,** ainmnigh gléas **amháin** nó ábhar a d'úsáid an manach chun cóip a dhéanamh den lámhscríbhinn.

…………………………………………………………………………………………….....(1)

(ii) Cén fáth a raibh meas ag na daoine sa Mheánaois ar obair na scríobhaithe?

..…………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………….........................................………

..……………………………………………………………………………………………(2)

(iii) Seachas lámhscríbhinní a chóipeáil, ainmnigh **dhá** sheirbhís a chuir na mainistreacha ar fáil don phobal áitiúil sa Mheánaois.

………………………………………………………………….............................................

……………………………………………………………………………………………..(2)

*(b)* **PICTIÚR B**

*Péintéireacht le Walter Paget atá i bpictiúr B. Taispeántar radharc laistigh de Ard Oifig an Phoist i mBaile Átha Cliath i rith Éirí amach na Cásca 1916.*

(i) Ainmnigh ceannaire an éirí amach atá marcáilte le **X**.

……………………………………………………………………………………………. (1)

(ii) Tabhair **dhá** phíosa fianaise as pictiúr **B** a thaispeánann go raibh na réabhlóidithe in Ard Oifig an Phoist faoi dhian-ionsaí.

..……………………………………………………………………………………………

..…………………………………………………………………………………………….

..……………………………………………………………………………………………(2)

(iii) Seachas Ard Oifig an Phoist, ainmnigh **dhá** fhoirgneamh a ghabh na réabhlóidithe i rith seachtain na Cásca 1916.

..……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………. (2)

*(c)* **PICTIÚIR C1 agus C2**

*Póstaeir Bhriotanacha ó thréimhse an Dara Cogadh Domhanda is ea pictiúr **C1** agus pictiúr **C2**.*

(i) As pictiúr **C1** nó as pictiúr **C2**, tabhair sampla **amháin** den chineál oibre a iarradh ar mhná a dhéanamh.

…………………………………………………………………………………………………..(1)

(ii) Cén fáth ar iarradh ar mhná obair eile a dhéanamh sa saol lasmuigh seachas a bheith ag obair sa bhaile i rith an Dara Cogadh Domhanda?

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………. (2)

(iii) Ón staidéar atá déanta agat ar an Dara Cogadh Domhanda, tabhair **dhá** chúis ar éirigh leis an mBreatain i gCath na Breataine, 1940.

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………. (2)

**2. DOICIMÉID**
(15 mharc)

Léigh an dá dhoiciméad, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **DOICIMÉAD 1**

*Sliocht as "Archaeology is Rubbish" le Tony Robinson agus Mick Aston.*

(i) Cad a chreid Heinrich Schliemann a bhí sé tar éis a fhionnadh in 1869?

………………………………………………………………………………………………. (1)

(ii) Cad iad na déantáin ar tháinig Schliemann orthu le linn dó a bheith ag tochailt i Hissarlik sa Tuirc?

……………………………………………………………………………………………….

………………………………………………………………………………………………. (1)

(iii) Cén fhionnachtain a rinne comh-oibrí le Schliemann?

………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………. (1)

(iv) Tabhair **dhá** chúis a ndearna seandálaithe an tochailt a rinne Schliemann a cháineadh.

………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………..(2)

(v) Ainmnigh **dhá** mhodh dátála a d'úsáidfeadh seandálaí chun dáta a chur le hábhair a fhaightear i láthair.

………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………… (2)

*(b)* **DOICIMÉAD 2**

*Sliocht as cuntas le Major General Hawes, oifigeach in arm na Breataine. Chaith sé tamall ar sheirbhís mhíleata in Éirinn i rith Cogadh na Saoirse, 1919-1921.*

(i) Tabhair cúis **amháin** a raibh droch-mheas ag na saighdiúirí ar mhuintir Shinn Féin?

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (1)

(ii) Tabhair píosa **amháin** fianaise a thaispeánann nár thaitin iompar na sagart le Hawes.

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (1)

(iii) *'Roghnaigh Rialtas na Breataine an tráth seo chun géilleadh.'* An raibh Hawes ar aon intinn leis an gcinneadh seo? Tabhair píosa **amháin** fianaise chun cuidiú le do fhreagra.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

(iv) Cad é an difríocht ba mhó a bhí idir na Dubhchrónaigh agus na gnáth-shaighdiúirí?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

(v) Ón eolas atá agat ar stair na hÉireann, luaigh **dhá** théarma den Chonradh Angla-Éireannach a fhaomhadh 6 Nollaig 1921.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

## 3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRAÍ
(20 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 2 mharc an ceann iad.

(i) Cad atá i gceist ag staraithe leis an téarma *Réamhstair*?

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

(ii) Ainmnigh **dhá** bhealach ina ndearna daoine dul chun cinn sa Tréimhse Neoiliteach (Nua-Chlochaois).

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Ainmnigh **dhá** shaghas áit chónaithe in Éirinn i dTréimhse na gCeilteach.

………………………………………………………………………………………………… (2)

(iv) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le hÉirinn anallód:
*Torc; Fulacht fia; Aos Dána; Ogham.*

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(2)

(v) Ainmnigh **dhá** ghné chosanta a bhain le caisleán Normannach.

………………………………………………………………………………………………… (2)

(vi) Cad a bhí i gceist le *ridireacht* sa Mheánaois?

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

(vii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le mainéar sa Mheánaois:
*Diméin; Seirfeach; Deachú; Brachán.*

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(2)

(viii) Tabhair **dhá** chúis ar thosaigh an Renaissance san Iodáil.

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

(ix) Ainmnigh **dhá** fhorbairt san eolaíocht nó sa leigheas a tharla i rith an Renaissance.

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

(x) Mínigh slí **amháin** inar chuidigh an Réabhlóid Talmhaíochta leis an Réabhlóid Thionsclaíoch.

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

(xi) Cad a bhí i gceist le *hiontaobhas paidhce* sa Réabhlóid sna Córais Iompair?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………. (2)

(xii) Ainmnigh beartas **amháin** de chuid rialtas na Breataine chun plé leis an nGorta Mór sna 1840idí.

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………. (2)

(xiii) Roghnaigh ceann amháin de na réabhlóidí (Meiriceá **nó** an Fhrainc **nó** Éire) ón tréimhse 1771-1815, agus tabhair **dhá** chúis leis an réabhlóid sin.

Tír……………..……………………………………………………………………………….

Cúis 1: ……………………………………………………………………………………..

Cúis 2: ……………………………………………………………………………………..(2)

(xiv) Cén t-athrú a tharla mar thoradh ar *Acht an Aontais* 1801?

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………...(2)

(xv) Tabhair **dhá** chúis ar bhuaigh Sinn Féin olltoghchán 1918.

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………...(2)

(xvi) Cad a bhí i gceist leis an téarma *Poblacht na Mumhan* i gCogadh Cathartha, 1922-23?

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………...(2)

(xvii) Ainmnigh **dhá** pháirtí polaitíochta a bhí mar chuid den Chéad Rialtas Idirpháirtí, 1948-51.

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………...(2)

(xviii) Ainmnigh an Taoiseach agus Príomh-Aire na Breataine a shínigh an Comhaontú Angla-Éireannach, 1985.

……………………………………………………………………………………………..(2)

(xix) Cad é an socrú a rinne Hitler agus Stalin sa Chomhaontú Naitsí-Shóivéadach, 1939?

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………...(2)

(xx) Luaigh cinneadh **amháin** a rinne ceannairí na gComhghuaillithe ag comhdháil Yalta, 1945.

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………...(2)

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5 AGUS 6, I bhFREAGARLEABHAR AR LEITH**

## 4. PEARSANA SA STAIR
(40 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Duine a raibh cónaí air/uirthi i sibhialtacht ársa **a ainmníonn tú TAOBH AMUIGH** d'Éirinn. (20)

(ii) Manach i mainistir in Éirinn i dtús Ré na Críostaíochta. (20)

(iii) Ealaíontóir **a ainmníonn tú** ón Renaissance **TAOBH AMUIGH** den Iodáil. (20)

**AGUS**

**B.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Duine **a ainmníonn tú** a bhí i gceannas ar thuras le linn Ré na Fionnachtana. (20)

(ii) Oibrí i mianach **nó** i monarcha sa Réabhlóid Thionsclaíoch. (20)

(iii) Duine a raibh cónaí air/uirthi sa taobh ó dheas **nó** sa taobh ó thuaidh d'Éirinn in aimsir an Chogaidh sna blianta, 1939-45. (20)

## 5. PLANDÁLACHA IN ÉIRINN (30 marc)


### FOINSE D

*Comhairle a thug Thomas Howard, Iarla Surrey, do Anraí VIII sa bhliain 1521 maidir le gabháil na hÉireann.*


Sé mo thuairim uiríseal nach gcuirfear smacht ar an tír seo riamh gan é a ghabháil ar an gcaoi seo:
*Ar an gcéad dul síos*, cuir airgead go leor ar fáil don arm a bheidh ag do Ghrása ann, go dtí go mbeidh an tír gafa go hiomlán acu.
*Sa dara háit*, cuir go leor bia, gunnaí móra agus airtléire agus gach rud eile ar fáil don arm, gach rud a bhíonn ag teastáil chun dúnta láidre a thógáil.
*An triú rud*, mura gcuireann do Ghrása do ghéillsinigh féin ann chun cur fúthu mar áitreabhaigh ar cibé talamh a bheidh gafa, obair in aisce a bheidh i do chuid iarrachtaí go léir.
Mar má cheadaítear do na daoine sa tír sin cur fúthu ar an talamh, gan amhras ar bith casfadh siad ar ais ar a sean-drochghnáthuithe.

*Foinse: Eyewitness to Irish History, Peter Berresford Ellis, ll. 51-53.*

### FOINSE E



### FOINSE F



**A. Foinse D**

(i) Ainmnigh acmhainn **amháin** ba cheart a thabhairt don arm de réir na comhairle a chuirtear ar an Rí. (2)

(ii) Cén fáth dar leat a raibh sé riachtanach *dúnta láidre* a thógáil? (2)

(iii) Tabhair sampla de **dhá** nós Gaelach a bheadh ina ndrochghnáthuithe dar leis an Rí Anraí VIII. (2)

(iv) Ainmnigh rialtóir Briotanach **amháin agus** an phlandáil a chuir sé/sí i bhfeidhm in Éirinn. (2)

**B. Foinse E agus F.**

*Bailte plandála.*

(i) Tabhair píosa **amháin** fianaise as foinse **E** a thabharfadh le tuiscint go raibh an baile saibhir agus go raibh forbairt mhaith déanta air. (2)

(ii) As foinse **F**, ainmnigh **dhá** ghné a thugann fianaise gur baile é a bunaíodh de bharr plandála. (4)

**C.** Ainmnigh ceann **amháin** de na plandálacha a bhfuil staidéar déanta agat orthu agus scríobh mar gheall ar an tionchar a bhí ag an phlandáil sin ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(i) Reiligiún.

(ii) Smacht polaitiúil.

(iii) Teanga agus nósanna. (2x8)

**6.** Freagair **dhá** cheann de na ceisteanna seo a leanas, **A,B,C,D.** (60 marc)

## (A) AN REIFIRMÉISEAN

(i) Mínigh **dhá** cheann díobh seo a leanas:
*Eiriceacht; Finíochas; Síomóntacht; Iolrachas.* (2x2)

(ii) Cad é an toradh ba mhó a bhí ar *Diat Worms*, 1521? (2)

(iii) Cad é an socrú a rinneadh ag *Síocháin Augsburg*? (2)


(iv) Déan cur síos ar thionchar tábhachtach **amháin** a bhí ag an Reifirméisean ar Éirinn. (2)


(v) Scríobh cuntas ar gach ceann de **dhá** ceann díobh seo a leanas:

(a) An eaglais faoi Calvin sa Ghinéiv.
(b) Anraí VIII agus an Reifirméisean i Sasana.
(c) Iognáid Loyola agus na hÍosánaigh. (10x2)

## (B) ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN NA FICHIÚ hAOISE

Na cairteanna thíos ó Phríomh Oifig Staidrimh na hÉireann, taispeánann siad an chaoi ar tháinig athrú ar shaol oibre na ndaoine agus mar a mhéadaigh suim an phobail sa teilifís.




(Foinse: *That was then, This is now Change in Ireland*, 1949-1999. In eagar ag A. Redmond)

(i) Tabhair cúis **amháin** leis an laghdú atá tagtha ar líon na ndaoine atá ag obair i dtalmhaíocht ó 1945 i leith. (2)

(ii) Ainmnigh **dhá** iarmhairt a bhaineann leis an laghdú sin i líon na ndaoine atá ag obair i dtalmhaíocht ó 1945 i leith. (2x2)

(iii) Ainmnigh **dhá** iarmhairt ar theacht na teilfíse ó na 1960idí i leith. (2x2)

(iv) Scríobh mar gheall ar athruithe i **dhá** cheann de na réimsí seo a leanas ó na 1940idí:

(a) Spórt agus Fóillíocht.
(b) Iompar.
(c) Saol na mBan. (10x2)

## (C) FORBAIRTÍ POLAITIÚLA IN ÉIRINN NA FICHIÚ hAOISE

(i) Mínigh **trí** chinn de na téarmaí seo a leanas:

*"An Scuad"; Domhnach na Fola (1920); Arm Cathartha na hÉireann; Claonroinnt; B-Specials*

(2 x 3)

(ii) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) Géarchéim an Rialtais Dúchais, 1912-14.
(b) Saorstát Éireann, 1922-32.
(c) Éire faoi cheannas de Valera, 1932-39.
(d) Seán Lemass ina Thaoiseach, 1959-66. (12 x 2)

## (D) CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann leis an Iodáil faoi cheannas Mussolini, 1922-1939:

*An Mháirseáil go dtí an Róimh; Conradh Lateran; OVRA; An Choimhlint don Arbhar; An Comhaontú Cruach.* (2 x 2)

(ii) Tabhair **dhá** chúis go raibh tíortha móra na hEorpa sásta cead a chinn a thabhairt do Hitler sna 1930idí. (2 x 2)

(iii) **An Dara Cogadh Domhanda.**
Meaitseáil gach ábhar i gcolún **A**, (1)-(6) lena chomh-ábhar i gcolún **B**, (a)-(f).
Ní gá duit an téacs iomlán a scríobh i do fhreagarleabhar, ní gá ach an uimhir agus an litir cheart a scríobh.

| Colún A | Colún B |
|---|---|
| 1. Blitzkrieg | (a) Ionradh na Gearmáine ar an APSS |
| 2. An Cogadh Bréagach | (b) Plean na Naitsíoch chun ionradh a dhéanamh ar an mBreatain |
| 3. Dunkirk | (c) Tugann SAM armlóin don Bhreatain |
| 4. Oibríocht Sealion | (d) Ionradh míleata tapaidh le feithiclí meicniúla |
| 5. Lend-Lease | (e) Teitheann trúpaí na Fraince agus na Breataine go Sasana |
| 6. Oibríocht Barbarossa | (f) Geimhreadh na bliana 1939-40 |

(1 x 6)

(iv) Tabhair **dhá** chúis gur chaill an Ghearmáin an Dara Cogadh Domhanda. (2 x 2)

(v) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Géarchéim **a ainmníonn tú** sa Chogadh Fuar, 1945-1963.
(b) Gluaiseachtaí i dtreo aontacht na hEorpa, 1945-1973.
(c) An choimhlint don saoirse i dtír **a ainmníonn tú** san Áise nó san Afraic tar éis 1945.

(12)